

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair	Ábhar Na hAmharcealaíona
Snáithe Líníocht	Snáithaonad Déanamh, Líníocht, Breathnú agus Freagairt.	
Teideal Míreanna Cladaigh a Líniú mar Nithe Neamhbheo.		
Cuspóir(i): Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh na leanaí líníochtaí de mhíreanna cladaigh mar nithe neamhbheo. Cuirfear ar chumas na leanaí freagairt do shaothar ealaíontóirí eile agus a líníochtaí féin a dhéanamh ach triail a bhaint as marcanna, as línte, as cruthanna, as uigeacht, as patrúin agus as toin is féidir a dhéanamh ar raon de dhromchlaí le huirlisí éagsúla. Freagróidh na leanaí do na pictiúir a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile.		
Scileanna atá Riachtanach: Grinnbhreathnú ar nithe mara a roghnaíodh go speisialta agus tréithe líne, crutha, uigeachta, solais agus scátha a fhionnachtain. Díriú, oiread agus is cuí, ar líníocht imlíneach, ar chruth, ar thon, ar uigeacht, ar phatrún agus ar rithim.		
Cuspóirí foghlama Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Breathnú ar shaothar de chuid ealaíontóirí eile nithe neamhbheo agus freagairt dó. Pictiúr de ní neamhbheo a líniú, rud ina bhfuil trí ní a fhaightear ar an gcladach.	Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus plé: Déan iniúchadh ar phictiúir le Jenny Barron, ealaíontóir nithe neamhbheo: <ul style="list-style-type: none"> • “Bowl of Pebbles”, • “Still Life with Nautilus” Labhair faoi ghnéithe an tsaothair sin agus déan plé orthu. Smaointe daltaí: Roghnóidh na leanaí trí dhúil neamhbheo a fhaightear ar an gcladach – mar shampla, sliogáin, clocha, adhmaid raice, feamainn etc – agus leagfaidh siad amach iad lena mbreathnú. Bainfear úsáid as ní saorga a fhaightear sa bhaile freisin, amhail cupán tae, citeal nó pota etc. Cur chuige teagmhálach: Líneoidh na leanaí bunaithe ar	

	<p>bhreathnóireacht, agus iad ag díriú, oiread agus is cuí, ar na nithe seo a leanas: líníocht imlíneach, cruth, ton, uigeacht, patrún agus rithim.</p> <p>Breathnú agus Freagairt: Roghnóidh na leanaí saothar leanaí eile agus freagróidh siad dó.</p> <p>Teicneolaíocht Faisnéise: Breathnú ar shaothar ealaíontóirí eile a léirmhíneigh an téama sa tslí chéanna nó i slí dhifriúil agus freagairt don saothar sin agus an dóigh a mothaíonn sé/sí faoi na líníochtaí a chur in iúl.</p> <p>Acmhainní:</p> <p>Amharcíomhánna (atá ar fáil ar an nGréasán) de phictiúir de nithe neamhbheo le Jenny Barron, ealaíontóir nithe neamhbheo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • “Bowl of Pebbles”, • “Still Life with Nautilus” <p>Páipéar</p> <p>Raon de mheáin líníochta: pinn luaidhe, pastail, gualach</p> <p>Dúile neamhbheo – bunaithe ar théama muirí – e.g. adhmaid raice, sliogáin, clocha, clocha duirlinge etc.</p>
<p>Difreáil: Leagan amach nithe neamhbheo, agus cúlraí samhailteacha leo (Rang a Ceathair). Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt.</p>	
<p>Measúnú: Aiseolas ó bhéal ó leanaí, breathnú ag an múinteoir, samplaí de shaothar na ndaltaí.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú: Gaeilge: Éisteacht agus Labhairt – Fiche Ceist. Cloch: An bhfuil sí bog? An féidir í a ithe? Eolaíocht: Gnáthóga - Gnáthóga cladaigh. Breithnigh na créatúir a d’fhéadfadh a</p>	

Explorers Education Programme



bheith ina gcónaí faoi adhmaid raice, faoi fheamainn, faoi chlocha. Breithnigh – Cén fáth a mbeadh ar ainmhí folú ar an gcladach?

Béarla: Scríbhneoireacht: Scríbhneoireacht Ghnásúil - 'Conas pictiúr de ní neamhbheo a chruthú'.